# LNTO: Creat don Treoir Scoile Uile

Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
Meitheamh, 2017

ncge
Lárionad Náisiúnta *um* Threoir *san* Oideachas
National Centre *for* Guidance *in* Education

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| CAO | Lár-Oifig Iontrála |
| CL | Imlitir |
| CMS | Scileanna Forbartha Gairme |
| ROS | Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DSGC | Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht |
| ELGPN | Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil |
| ESL | Luacht Luathfhágala Scoile |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| HE | Ardoideachas |
| HEI | Institiúid Ardoideachais |
| HSCL | Teagmháil baile, scoile agus an phobail |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IGC | Institiúid na dTreoirchomhairleoirí |
| JC | Sraith Shóisearach |
| JCT | Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí |
| LC | Ardteistiméireacht |
| LCA | Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LLG | Treoir ar Feadh an tSaoil |
| LMI | Eolas faoin Margadh Saothair |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| LNTO | Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |

| | |
|---|---|
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| PSI | Cumann Síceolaíochta na hÉireann |
| PTR | Cóimheas idir daltaí agus múinteoir |
| SC | Sraith Shinsearach |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SGH | Lámhleabhar Scoile um Threoir |
| SOL | Ráiteas Foghlama |
| SPHE | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| SSE | Féinmheastóireacht Scoile |
| SUSI | Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn |
| TYP | Clár na hIdirbhliana |
| WSG | Treoir Scoile Uile |

## BROLLACH


Tá an-áthas orm an foilseachán seo a chur i láthair, '*LNTO: Creat don Treoir Scoile Uile*', a thacóidh le scoileanna cur chuige scoile uile i leith na treorach a phleanáil agus a sholáthar. Tá an Creat ceaptha le tacú le scoileanna chun riachtanas an Achta Oideachais (1998) a shásamh, is é sin go soláthródh scoileanna do scoláirí "*rochtain … ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme*" (alt 9c). Cuireann an Creat múnla an chontanaim tacaíochta ar fáil don treoir scoile uile agus leagtar amach ann trí réimse foghlama chun cuidiú leis an bhforbairt ag scoláirí ar ocht inniúlacht.

Is é '*LNTO: Creat don Treoir Scoile Uile*' an chéad cheann i sraith d'fhoilseacháin chun cuidiú le scoileanna cláir chuimsitheacha um threoir scoile uile a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déanfaidh LNTO, sna míonna seo atá ag teacht, acmhainní agus cláir um fhorbairt ghairmiúil a fhorbairt chun tacú le scoileanna an úsáid is fearr a bhaint as an gCreat. Ó Mheán Fómhair, 2017 beidh LNTO ag tabhairt cuireadh do roinnt scoileanna obair leis an Lárionad chun an Creat a chur i bhfeidhm; ba chóir do scoileanna a bhfuil suim acu bheith páirteach teagmháil a dhéanamh le LNTO. Tá sé ar intinn ag LNTO athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat i ndiaidh trí bliana, agus aiseolas ó scoileanna a chur san áireamh, sa chaoi is go bhfuil sé cothrom le dáta, go bhfreagraíonn sé ar riachtanais scoileanna agus go dtacaíonn sé le forbairt an dea-chleachtais.

Forbraíodh an Creat thar fráma ama trí bliana agus bhí sé bunaithe ar Chreataí cosúla a foilsíodh go hidirnáisiúnta, amhail an *Australian Blueprint for Career Development*.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill ghrúpa oibre um threoir iar-bhunscoile LNTO as a dtacaíocht, a gcomhairle agus a gcion le forbairt an Chreata. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus daoine aonair a rinne aighneachtaí mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin i bhFómhar na bliana 2016. Mar chríoch, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Linda Darbey, Comhordaitheoir Cláir um Threoir LNTO, as a tiomantas agus gairmiúlacht san fhorbairt ar an acmhainn thábhachtach seo do scoileanna.

Is mise le meas



Jennifer McKenzie

Stiúrthóir, LNTO

## BUÍOCHAS

### Baill den Ghrúpa Oibre um Threoir Iar-Bhunscoile

Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)

Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC)

Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC)

Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD)

Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)



Séanadh:

Tá gach iarracht déanta ag LNTO a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá tugtha san acmhainn seo cruinn. Ní féidir glacadh le freagracht ar bith, áfach, as easnaimh nó earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann. Níl cead cuid ar bith den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a aistriú i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith gan cead LNTO roimh ré.



**Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO)**

**Teach Avoca, 189-193 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1, Éire.**

**Meitheamh, 2017**



**Cóipcheart © LNTO**

# Clár

GLUAIS ........ 1

BROLLACH ........ 3

BUÍOCHAS ........ 4

Baill den Ghrúpa Oibre um Threoir Iar-Bhunscoile ........ 4

ROINN 1: RÉAMHRÁ ........ 6

1.1 Aidhm an Chreata ........ 6

1.2 Comhthéacs ........ 6

1.3 Treoir sna Scoileanna: Sainmhíniú agus Gníomhaíochtaí ........ 7

1.4 Forbairtí agus Tionscnaimh Polasaí le Déanaí ........ 8

ROINN 2: MÚNLA AN CHONTANAIM TACAÍOCHTA DON CHLÁR UM THREOIR SCOILE UILE ........ 13

Treoir do Chách ........ 13

Treoir do Roinnt ........ 13

Treoir do Bheagán ........ 14

ROINN 3: CREAT: RÉIMSÍ FOGHLAMA AGUS INNIÚLACHTAÍ ........ 16

3.1 Réamhrá ........ 16

3.2 Réimsí Foghlama agus Inniúlachtaí ........ 16

Sraith Shóisearach ........ 17

Sraith Shóisearach ........ 18

Contanam Foghlama le Ceithre Chéim ........ 18

Tábla 1: Réimsí Foghlama agus Inniúlachtaí ........ 19

Tábla 1.1: Réimse Foghlama: Mé Féin a Fhorbairt ........ 20

Tábla 1.2: Réimse Foghlama: M’Fhoghlaim a Fhorbairt ........ 21

Tábla 1.3: Réimse Foghlama: Mo Chonair Gairme a Fhorbairt (*ar lean lastall*) ........ 22

Tábla 1.3 *ar lean*: Réimse Foghlama: Mo Chonair Gairme a Fhorbairt........ 23

LEABHARLIOSTA ........ 24

# ROINN 1: RÉAMHRÁ

## 1.1 Aidhm an Chreata

Tá an Creat ceaptha le tacú le scoileanna chun riachtanas an Achta Oideachais (1998) a shásamh, is é sin go soláthródh scoileanna do scoláirí "*rochtain … ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme*" (alt 9c). Samhlaítear go dtacóidh an Creat le scoileanna chun clár cuimsitheach um threoir scoile uile a phleanáil agus a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí uile. B'fhéidir go mbeidh sé úsáideach do scoileanna freisin, mar bhonn lena soláthar treorach, an *Creat don tSraith Shóisearach* (ROS, 2015a) a cheadú i dtaca le 'eispéiris foghlama eile' agus Folláine (féach ROS 2017a). Aithnítear foghlaim a bhaineann le treoir sna *Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí* mar cheann de phríomhcholúin chlár Follláine scoile (CNCM, 2017).

Cuireann an Creat múnla de chontanam tacaíochta ar fáil don chlár treorach scoile agus leagtar amach ann trí réimse foghlama chun cuidiú le forbairt scoláirí iar-bhunscoile in ocht réimse inniúlachta. Áiríonn na réimsí foghlama foghlaim a bhaineann le, an duine féin (forbairt phearsanta/shóisialta), deiseanna oideachais (forbairt oideachasúil) agus cinnteoireacht maidir le gairm (forbairt gairme). Cuireann Bassot et al (2014) cur chuige tógachais shóisialta i bhfeidhm i dtaca le foghlaim agus forbairt a bhaineann le treoir (baintear úsáid as an téarma "foghlaim agus forbairt gairme"). Samhlaítear go ndéantar gairmeacha a thógáil go sóisialta trí raon d'eispéiris foghlama agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile (piaraí, tuismitheoirí, múinteoirí, treoirchomhairleoirí, fostóirí agus mar sin de).

## 1.2 Comhthéacs

Tá creataí forbartha agus curtha i bhfeidhm i roinnt tíortha lena n-áirítear:

- An Astráil (*Australian Blueprint for Career Development)*
- Ceanada (*Blueprint for Life Work Designs)*
- An Nua-Shéalainn (*Career Education Benchmarks)*
- Alba (*Career Management Skills Framework for Scotland).*

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELGPN) acmhainní do lucht déanta polasaí maidir le Treoir ar Feadh an tSaoil (LLG) a bhaineann le forbairt gairme (úsáidtear an téarma "Scileanna Bainistíochta Gairme"). Áiríonn siad seo *Designing and Implementing Policies Related to Career Management Skills* (ELGPN, 2014) agus *Guidelines for Policies and Systems Development for Lifelong Guidance* (ELGPN, 2015). Is féidir breathnú ar Scileanna Bainistíochta Gairme (CMS) mar thorthaí ar an bpróiseas treorach atá ábalta bheith mar bhonn le clár um threoir scoile uile a dhearadh agus a sholáthar.

Tugann ELGPN sainmhíniú ar Scileanna Forbartha Gairme (CMS) mar seo a leanas:

> *"… tacar inniúlachtaí (eolas, scileanna, dearcthaí) a chuireann ar chumas saoránach ag aois ar bith nó ag céim forbartha ar bith a gconairí foghlama agus saoil oibre a bhainistiú. baineann an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí bainistíocht phearsanta, bainistíocht foghlama agus bainistíocht gairme."* (ELGPN, 2015; lch. 13).

Tá sé tráthúil anois d'Éirinn acmhainn nua a chruthú do scoileanna chun cuidiú le foghalaim agus forbairt treorach (forbairt gairme) na scoláirí agus chun torthaí an chláir um threoir scoile uile a bhaint amach. Tacaíonn acmhainn dá leithéid leis an *Creat don tSraith Shóisearach* (ROS, 2015a) agus tacóidh sí le scoileanna gníomhaíochtaí treorach a dhearadh agus a sheachadadh mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí. Samhlaítear freisin gur féidir an acmhainn seo a úsáid chun tacú le pleanáil treorach scoile uile mar a thugtar síos uirthi in *Imlitir 0010/2017* (ROS, 2017a).

## 1.3 Treoir sna Scoileanna: Sainmhíniú agus Gníomhaíochtaí

Tá soláthar na treorach i scoileanna ina riachtanas de chuid an *Achta Oideachais* (1998). De réir alt 9c den Acht Oideachais bainfidh scoil úsáid as "*na hacmhainní a bheidh ar fáil di – (c) chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme*" (Rialtas na hÉireann, 1998). Áiríonn treoir i scoileanna "*…an treoir phearsanta agus sóisialta agus an treoir oideachais agus gairme arna seachadadh i gcomhthéacs na scoile uile*" (ROS, 2016a; lch. 7) agus sainítear í mar seo *a leanas:*

> *"le sraith d'imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socraithe éifeachtacha faoina saol…". (ROS, 2005, lch. 4).*

Aibhsíonn an sainmhíniú seo nádúr iomlánaíoch na treorach sa tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta, forbairt oideachais agus gairme na scoláirí agus an ról tábhachtach atá ag an treoir sa chuidiú le cinnteoireacht agus roghanna saoil, agus sa chothú ar thacú le folláine scoláirí.

Sa *Creat um Aitheantas Clár: An Treoirchomhairliú* (ROS, 2016a; lch. 7) de chuid ROS, leagtar amach gníomhaíochtaí a bhaineann le ról na treoirchomhairleoireachta:

- *Cláir fhoghlaim na treoirchomhairle agus cláir fhorbraíochta a dhearadh, a sheachadadh agus a mheasúnú a bhaineann le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme do shuíomhanna aonair, agus do shuíomhanna grúpa agus rangsheomra*
- *Straitéisí éifeachtacha múinte, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt don rang treoirchomhairle*
- *Comhairliú aonair agus grúpa a chur ar fáil chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus le forbairt oideachais agus gairme agus é a chur ar fáil ag uair na géarchéime pearsanta*

- *Eolas a bhaineann leis an margadh saothair, leis an bhfoghlaim agus le gairmeacha a chur ar fáil trí Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus trí churanna chuige foghlama cumaisc*
- *Foghlaim san ionad oibre a phleanáil agus a eagrú agus naisc a bhunú leis na bpobal mór gnó, le gníomhaireachtaí agus leis an earnáil dheonach*
- *Tástálacha síciméadracha (i.e. tástálacha cumais agus inniúlachta agus fardail de shuimeanna gairme) a úsáid d'fhonn éascú le cinnteoireacht ghairme agus leis an bhforbairt phearsanta, agus tacú le roghanna foghlama agus oideachasúla*
- *Tacaíocht a thabhairt don scoil agus do lucht bainistíochta agus foireann an Bhoird, agus oibriú i gcomhar leis na daoine céanna, i bpleanáil, treorú, seachadadh, athbhreithniú agus measúnú na seirbhíse/cláir treorach agus plean treorach na scoile uile*
- *Oibriú i gcomhar le tuismitheoirí (de réir mar is cuí) agus le gníomhaireachtaí tarchuir chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme mac léinn agus úsáideoirí na seirbhíse*
- *Mic léinn agus úsáideoirí seirbhíse a tharchur chuig gníomhaireachtaí seachtracha agus chuig gairmithe, de réir mar is cuí*
- *Naisc dhlútha a bhunú le scoileanna friothálacha, áit is cuí, agus le hionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais.*

Mar thoradh an an oiliúint speisialta atá faighte aige/aici, déanann an treoirchomhairleoir clár treorach na scoile a mhaoirsiú, a chomhordú agus a sheachadadh i gcomhar le bainistíocht agus foireann na scoile agus na príomhpháirtiteh leasmhara mar fhreagra ar riachtanais treorach na scoláirí. Deir Imlitir 0009/2012 "*Is polasaí bunaithe é gur gníomhaíocht scoile uile is ea an treoir agus déanann gach scoil plean treorach scoile a fhorbairt i gcomhar mar mhodh chun tacú le riachtanais a cuid scoláirí*" (ROS, 2012; 4.3).

## 1.4 Forbairtí agus Tionscnaimh Polasaí le Déanaí

Tá roinnt forbairtí le déanaí laistigh d'earnáil an oideachais a bhfuil impleachtaí acu don chaoi ina ndéantar an clár treorach scoile uile a dhearadh agus a sheachadadh i scoileanna agus áirítear orthu sin:

***Imlitir 0015/2017: Socruithe do Chur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith do na scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19 /19 (ROS, 2017d).*** Le hímlitir 0015/2017 leagtar amach na socruithe leis an gCreat don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm i scoileanna do 2017/18 agus 2018/19. Aibhsíonn sé go dtabharfar isteach Folláine, réimse nua foghlama, sa chéad bhliain i Meán Fómhair, 2017 agus go ndéanfar gnóthachtálacha na scoláirí sa Folláine a thaifeadadh i *bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí* in 2020. Áireoidh Folláine deiseanna foghlama a chuireann feabhas *"…ar fholláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta na scoláirí…*" (lch. 11). Deir an

Imlitir nach mór treoir a chur san áireamh i gclár na Sraithe Sóisearaí (lch. 7) agus gur féidir le scoileanna treoir a áireamh sa Folláine (lch. 11).

***Imlitir 0010/2017 Leithdháileadh Ceadaithe de Phoist Teagaisc don Scoilbhliain 2017/18 (ROS, 2017a).*** Le hImlitir 0010/2017 tugtar leithdháileadh ar leith don treoir do scoileanna trí laghdú a dhéanamh ar an gCóimheas idir Daltaí agus Múinteoir (PTR). Deir an Imlitir "Ba chóir go dtabharfadh na pleananna treorach breac-chuntas ar chur chuige na scoile i leith na treorach go ginearálta agus ar an gcaoi ar féidir tacú le daltaí agus cabhrú leo chun roghanna a dhéanamh agus aistriú rathúil a dhéanamh sna réimsí pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme." Deirtear gur chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh "*…ar an mbealach is fearr le leithdháileadh acmhainní a ailíniú le cuspóirí an Phlean Treorach*" (ROS, 2017a; lch. 2).

Acmhainn is ea an Creat seo ar féidir le scoileanna í a úsáid mar bhonn leis an bhforbairt ar eispéiris foghlama a thacaíonn le haistriú agus cinnteoireacht rathúil, agus atá mar bhonn leis an bpróiseas um phleanáil treorach scoile uile mar atá aibhsithe san Imlitir.

***Plean DEIS 2017: Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (ROS, 2017b)***. Sa *Phlean DEIS 2017* leagtar amach fís don oideachas chun conair a sholáthar "… *chuig deiseanna níos fearr dóibh siúd as pobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiaimh shóisialta*" (ROS, 2017b; lch. 6). Cuirtear cúig chuspóir i láthair sa Phlean DEIS chun tacú le 'torthaí níos fearr' do scoláirí a dhéanann forbairt ar na cinn sin sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 (féach thíos):

*Goal 1: Creat Measúnaithe níos láidre a chur i bhfeidhm le scoileanna a aithint agus le haghaidh dáileadh níos fearr acmhainní.*
*Goal 2: Eispéireas agus torthaí daltaí a fheabhsú i scoileanna DEIS.*
*Goal 3: Cumas ceannairí scoileanna agus múinteoirí a fheabhsú, acmhainní a phleanáil, a úsáid agus a chur i bhfeidhm le gur fearr a leas.*
*Goal 4: An dea-chleachtas a chothú agus tacú leis i scoileanna trí chomhoibriú idir gníomhaireachtaí.*
*Goal 5: Tacú le hobair scoileanna tríd an taighde, an fhaisnéis, an measúnú agus an t-aiseolas a chur ar fáil le cuspóirí an Phlean a bhaint amach.*

Aithnítear breis agus 100 gníomh (roinnt acu a bhaineann le treoir) sa *Phlean* chun tacú leis na cúig chuspóir thuas. Áirítear orthu siúd:

- Maidir le hiar-bhunscoileanna atá rannpháirteach sa *Chlár Tacaíochta Scoile*, beidh teacht acu " … *ar chomhairleoir saindírithe ar threoir ghairme chun tacú le haistrithe rathúla*" (ROS, 2017b; lch. 40).
- Teagmháil fhoirmiúil a bheith sa Phlean Scoile "*idir comhairleoirí, comhordaitheoirí HSCL, oifigigh rochtana Breis-Oideachais agus Ard-Oideachais le tacú le haistrithe rathúla*" (ibid).
- Socruithe le bheith ar bun chun tacú leis an aistriú agus leis an rochtain ag scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar Bhreisoideachas agus Ardoideachas agus Oiliúint (ibid; lch. 41).

Aibhsíonn an Plean DEIS freisin leithdháileadh treorach feabhsaithe de 1.15 den Chóimheas idir Daltaí agus Múinteoir (PTR) ar scoileanna (ibid: lch. 56).

***Plean Gníomhaíochta son Oideachas 2017 (ROS, 2017c)***. Déanann an *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017* forbairt ar *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* (ROS, 2016b) de chuid ROS agus athdhearbhaítear ann tiomantas ROS don fhorbairt ar '*an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip faoi 2026'* (ROS, 2017c, lch. 5).

Seo a leanas cúig sprioc atá mar bhonn le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta ROS:

*Sprioc 01: Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú*
*Sprioc 02: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu*
*Sprioc 03: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach*
*Sprioc 04: Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne*
*Sprioc 05: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta*

Baineann Spriocanna 01 agus 04 go sonrach le treoir trí 'Folláine', 'rogha ábhar níos fearr agus 'breis roghanna gairme'.

I measc an bpríomhthéamaí atá aitheanta do 2017 áirítear Folláine agus Seirbhísí Treorach. Deir an Plean Gníomhaíochta, maidir le ROS *"…tabharfaimid tacaíocht go gníomhach agus forbróimid tionscnaimh i dtaca le folláine d'fhonn a chinntiú go mbíonn athléimneacht mheabhrach agus folláine phearsanta ina gcoda lárnacha den chóras oideachais agus oiliúna*" (ROS, 2017c; lch. 13). Cuirfear feabhas ar sheirbhisí treorach agus déanfar athbhreithniú ar sheirbhísí treorach, uirlisí agus eolas gairme in 2017 (ibid).

**Treoirlínte le hAghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (CNCM, 2017).** Deirtear sna Treoirlínte le hAghaidh Folláine "*Bíonn folláine scoláire i gceist nuair a aithníonn an scoláire a chumais féin, nuair a thugann sé aire dá fholláine fhisiciúil, nuair atá sé ábalta déileáil le gnáthstruis an tsaoil, agus nuair a mhothaíonn sé go bhfuil cuspóir aige agus gur cuid de phobal níos leithne é.*" (CNCM, 2017; lch. 17). Aibhsíonn na Treoirlínte folláine mar iarracht scoile uile. Cuirtear sé tháscaire d'fholláine i láthair sna treoirlínte - '*gníomhach, 'freagrach, 'ceangailte, 'athléimneach, 'meas', agus 'feasach'*. Aibhsítear treoir mar thaca le '*foghlaim faoi fholláine agus foghlaim don bhfolláine*' do na scoláirí uile sa tsraith shóisearach agus breathnaítear uirthi mar cheann de na príomhcholúin chun clár na Folláine a fhorbairt i (CNCM, 2017; lch. 46 & 48).

Cuireann an Creat seo acmhainn ar fáil do scoileanna a thacaíonn le clár Folláine a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i scoileanna. Nascann na trí réimsí foghlama a chuirtear i láthair sa Chreat seo go han-mhaith le cúig cinn de na sé táscairí a leagtar amach ag CNCM ina Threoirlínte – 'freagrach, 'ceangailte, 'athléimneach, 'meas' agus 'feasach'. Is féidir tuilleadh eolais a fháil i Roinn 3.

***Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna (ROS, 2016c).*** Forbraíodh an Creat Cáilíochta chun deis a sholáthar do scoileanna scrúdú a dhéaamh go criticiúil ar a gcleachtais féin d'fhonn iad sin a fhorbairt níos mó chun tacú le foghlaim

agus forbairt scoláirí. Tá dhá dhiminsean ann - *teagasc agus foghlaim* agus *ceannaireacht agus bainistíocht*. Breathnaítear ar an bhfoghlaim mar rud atá iomlánaíoch agus lárnach d'fhorbairt folláine scoláirí. Toisc go sainítear treoir mar "*raon d'eispéiris foghlama…*" (ROS, 2005; lch. 4) cuimsíonn an creat cáilíochta soláthar treorach sa scoil.

***Féinmheastóireacht Scoile (FMS): Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna 2016-2020*** **(ROS, 2016d)**. Díríonn na Treoirlínte FMS ar réimse an teagaisc agus na foghlama atá lárnach d'obair na scoileanna uile. Breathnaítear ar an bhfoghlaim mar rud atá iomlánaíoch agus lárnach d'fhorbairt folláine scoláirí. Tacaíonn an Creat le scoileanna san athbhreithniú ar an gcleachtas i dtaca le foghlaim agus teagasc agus san fhorbairt ar phleananna gníomhaíochta chun feabhas a chur ar an gcleachtas. Mar atá leis an gcreat cáilíochta a chuirtear i láthair in *Ag Breathnú ar an Scoile Againne* 2016 cuidíonn na Treoirlínte FMS leis an meastóireacht agus forbairt \ar chlár treorach scoile.

***Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025 (ROS, 2016e).*** Tá an Straitéis Náisiúnta Scileanna ina cuid de phlean eacnamaíochta an rialtais chun lánfhostaíocht a chur ar ais agus chun geilleagar inbhuanaithe a thógáil. Cuirtear an Straitéis i láthair mar chéim thábhachtach i bhforbairt an chórais oideachais chuig ceann a thacaíonn le foghlaim ar feadh an tsaoil agus ceann a fhreagraíonn don riachtanais an uile duine (ROS, 2016e, lch. 7).

Aithníonn an Straitéis an gá le heolas atá inrochtana do chách a bhfuil roghanna oideachais agus gairme á ndéanamh acu agus dóibh siúd atá ag tacú leo, lena n-áirítear treoirchomhairleoirí (ibid; lch. 37). Mar thoradh ar nádúr na hoibre atá ag athrú, róil i bpoist agus scileanna riachtanacha, aithnítear go bhfuil gairmthreoir agus eolas 'riachtanach' chun tacú le daoine roghanna cuí a dhéanamh agus feabhas a chur ar líon na ndaoine a fhanann ar chúrsaí. Tá gairmtheoir agus eolas gairme níos fearr nasctha le roghanna cuí staidéir agus coinneáil ar chúrsaí agus, mar thoradh, ag cuidiú le méadú ar an toradh ó infheistíocht phoiblí (lch. 70).

Deir cuspóir straitéiseach 4 den Straitéis go "*Neartófar gairmthreoir go mór le cúnamh ó rannpháirtíocht fostóirí*" (lch. 72). Le gníomhaíochtaí éagsúla a chuirtear i láthair do chuspóirí na Straitéise aibhsítear bearta don treoir e.g. 2.5.

***Creat don tSraith Shóisearach 2015 (ROS, 2015a)***. Cuireann an Creat don tSraith Shóisearach i láthair fiche ceathair Ráiteas Foghlama, ocht bPrionsabal agus ocht bPríomhscileanna atá i gcroílár na Sraithe Sóisearaí. Is féidir soláthar na treorach a bheith bunaithe ar "*phrionsabail an chreata ar nós Leanúnachas agus Ag Foghlaim conas Foghlaim, príomhscileanna ar nós Mé Féin a Bhainistiú agus roinnt de na ráitis foghalama, go háirithe iad siúd a bhaineann le cinntí a dhéanamh*" (ROS, 2015a; lch. 25).

Faoin gCreat cuirfidh scoileanna ábhair, gearrchúrsaí, Folláine agus raon d'eispéiris foghlama eile (ROS, 2015a; lch.7). Aibhsíonn ROS gur féidir an soláthar treorach a chur san áireamh sna 400 uair an chloig atá ar fáil don Fholláine agus gur féidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir a sheachadadh trí eispéiris foghlama eile freisin.

***Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 –Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú (ROS, 2015b)***. Tugann an straitéis dhigiteach do scoileanna a d'fhoilsigh ROS in 2015 fís na Roinne chun TFC a chomhtháthú i scoileanna. Is an fhís "*Cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach le feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú sa chaoi is go ndéanfar smaointeoirí páirteacha, foghlaimeoirí gníomhacha, déantóirí eolais agus saoránaigh dhomhanda de dhaoine óga na hÉireann d'fhonn páirt a ghlacadh go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar*." (ROS, 2015b; lch. 5).

Cuireann an Straitéis ceithre théama i láthair mar seo a leanas:

*Téama 1: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú ag baint Úsáide as TFC*
*Téama 2: Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí*
*Téama 3: Ceannaireacht, Taighde agus Beartas*
*Téama 4: Infreastruchtúr TFC Theme 1: teagasc, foghlaim agus assessment using TFC*

Áiríonn Téama 1 soláthar don chlár treorach scoile agus tá neart deiseanna ann chun gníomhaíochtaí a chláir a sheachadadh ag baint úsáide as TFC.

***SNSO: Folláine in Iar-Bhunscoileanna. Treoirlínte do Chothú na Meabharshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe (2013).*** Sainaithnítear go mbíonn ról tábhachtach ag scoileanna i gcothú na meabhairshláinte agus na folláine do dhaoine óga. Cuireann na Treoirlínte cur chuige scoile uile i láthair i dtaca le cothú na meabhairshláinte agus na folláine. Sainaithnítear an plean treorach scoile uile mar idirghabháil a dhéileálann le sláinte mhothúchánach agus folláine daoine óga. Soláthraítear múnla chontanam tacaíochta mar chreat do scoileanna le húsáid sa tacú le riachtanais mhothúchánacha, iompraíochta, shóisialta agus foghlama na scoláirí uile – *tacaíocht scoile do chách* (riachtanais ghinearálta), *tacaíocht scoile do roinnt* (riachtanais níos éadroime) agus *tacaíocht scoile do bheagán* (riachtanais chasta) (SNSO, 2013; lch. 8 & 9).

***Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO*** (LNTO)**.** Acmhainn ar líne is ea Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO a thacaíonnle dearadh, forbairt agus seachadadh an chlár treorach scoile uile. Cuirtear ábhar an Lámhleabhair i láthair faoi cheithre phríomhroinn: an clár um threoir a stiúradh, an clár um threoir a sholáthar, treoirlínte um polasaí agus cleachtas agus treoir sa réimse idirnáisiúnta. Cuireann an Lámhleabhar treoirlínte agus acmhainní ar fáil i dtaca le forbairt an dea-chleachtais in scoileanna lena n-áirítear réimsí amhail cosaint sonraí, pleanáil agus tástáil shíciméadrach.

***Seimineáir Ghréasáin Ghairmiúla LNTO.*** Tairgeanna LNTO forbairt ghairmiúil do threoirchomhairleoirí atá ag obair i suíomhanna oideachais ag baint úsáide as ardán sioncronach ar líne chun seimineáir ghréasáin a sheachadadh. Tugtar cuireadh do shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta sa treoir agus disciplíní gaolmhara ar feadh 45 nóiméad ag baint úsáide as teicneolaíocht gréasáin.

## ROINN 2: MÚNLA AN CHONTANAIM TACAÍOCHTA DON CHLÁR UM THREOIR SCOILE UILE

Is féidir múnla an chontanaim tacaíochta, atá in úsáid cheana i scoileanna chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláirí (SNSO, 2010) agus cothú na meabhairshláinte (SNSO, 2013), a chur i bhfeidhm freisin ar an gclár treorach scoile. Agus an contanam á chur i bhfeidhm, féachann an clár treorach scoile uile le freastal ar riachtanais scoláirí feadh contanaim, i chur chuige scoile uile go dtí cuir chuige do ghrúpaí agus do dhaoine aonair. Is féidir múnla an chontanaim a chur i bhfeidhm ar threoir mar seo a leanas:


**Treoir do Chách** – curtha ar fáil do na scoláirí uile chun tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil, agus gairme, agus scoláirí ag déanamh aistrithe (lucht na chéad bliana ag teacht isteach, sraith shóisearach go sraith shinsearach agus ón tsraith shinsearach go printíseachtaí, Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas agus fostaíocht). Mar speisialtóir, tá príomhról le himirt ag an treoirchomhairleoir sa chomhordú ar phleanáil agus seachadadh an chláir um threoir scoile uile agus i soláthar na treorach do scoláirí. Baintear úsáid as cur chuige scoile uile i seachadadh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc sa chlár treorach scoile a áiríonn cláir oideachais gairme, OSPS agus Folláine sa tSraith Shóisearach, modúil treorach agus taithí oibre/socrúchán curtha ar fáil mar chuid de chláir na sraithe sinsearaí (Clár na hIdirbhliana, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Clár Gairme na hArdteistiméireachta). San fhoilseachán SNSO '*A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers*' (2010) tugtar cur síos ar chuir chuige scoile uile is féidir a úsáid i dtaca le '*Tacaíocht do Chách*'.

**Treoir do Roinnt** – curtha ar fáil do ghrúpaí ar leith de scoláirí chun tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil agus gairme, agus le haistriú. De ghnáth, áireoidh grúpaí den sórt sin, mar shampla, scoláirí sa tsraith shinsearach, go háirithe an 6ú bliain, a bhainfidh tairbhe as treoirchomhairleoireacht i ngrúpaí agus duine le duine chun tacú le cinntí oideachasúla agus gairme, agus scoláirí atá ag déanamh aistrithe. Áiríonn pointí aistrithe, ón mbunscoil go dtí an chéad bhliain den iar-bhunoideachas, ón tsraith shóisearach go dí an tsraith shinsearach, agus ón scoil go dtí ardoideachas/breisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí agus fostaíocht. B'fhéidir go mbeidh breis tacaíochta agus tacaíocht níos déine de dhíth ar roinnt scoláirí chun aistrithe a dhéanamh. Má táthar chun treoirchomhairleoireacht i ngrúpaí nó duine le duine a dhéanamh, beidh gá leis an saineolas atá ag sainfhoireann scoile, amhail an treoirchomhairleoir ag obair i gcomhar leis an bhfoireann tacaíochta scoile, múinteoir OSPS, cinn bliana, teagascóirí ranga agus Séiplíneach na scoile. San fhoilseachán SNSO '*A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers*' (2010) tugtar cur síos ar *Chreat atá Dírithe ar Réiteach* is féidir a úsáid i dtaca le '*Tacaíocht Scoile* (do roinnt)'.

**Treoir do Bheagán** – B’fhéidir go mbeidh tacaíocht de dhíth ar scoláirí chun a riachtanais forbartha a shásamh agus nuair a bhíonn géarchéimeanna pearsanta acu. B’fhéidir go mbeidh tacaíocht níos déine ag teastáil ó roinnt scoláirí agus iad ag déanamh aistrithe (lena n-áirítear aistrithe don Lucht Luathfhágála Scoile (ESL) agus aistrithe chuig ionaid oideachais amahil Youthreach) agus cinntí tábhachtacha le linn a gcuid ama in iar-bhunscoileanna. Chun an tacaíocht seo a thabhairt beidh gá le saineolas atá ag baill foirne speisialta scoile a bhfuil an t-eolasm na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun freastal ar riachtanais na scoláirí sin agus áireoidh an tacaíocht seo an treoirchomhairleoir, agus baill foirne scoile eile a bhfuil oiliúint faighte acu chun freastal ar riachtanais scoláirí atá i mbaol agus iad siúd a d’fhéadfadh riachtanais bhreise a bheith acu. Más rud é go mbíonn tacaíocht níos déine de dhíth ar an scoláire, ba chóir úsáid a bhaint as atreorú chuig gníomhaireachtaí agus tacaí seachtracha. Más rud é go mbíonn atreorú fadtréimhseach ann b’fhéidir go mbeidh ar an treoirchomhairleoir/ball foirne tacaíocht leanúnach a sholáthar don scoláire. San fhoilseachán SNSO *A Continuum of Support for Post-Primary Schools: Guidelines for Teachers*’ tugtar cur síos as thacaí is féidir a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais níos casta nó níos fadtréimhsí acu faoi ‘*Tacaíocht Scoile Móide* (do Bheagán)’.

Le **Fíor 1** thíos cuirtear i láthair múnla an chontanaim tacaíochta a thairgtear laistigh de chur chuige scoile uile i dtaca le treoir. Déanann an treoirchomhairleoir, i gcomhar le bainistíocht agus foireann na scoile, agus baill foirne/eagraíochtaí seachtracha, raon leathan de ghníomhaíochtaí agus foghlaim a sholáthar chun tacú le forbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil agus gairme scoláirí. Mar speisialtóir, bíonn ról lárnach ag an treoirchomhairleoir i ndearadh agus seachadadh an chláir scoile uile don treoir. Aithnítear gur féidir páirtithe leasmhara éagsúla a bheith páirteach sa chur chuige scoile uile i leith na treorach thar scoileanna de réir acmhainní agus riachtanas áitiúil.

**Fíor 1: Treoir Scoile Uile**




**Nóta**: níl sé ar intinn go mbeadh an liosta de chláir scoile agus de na baill foirne a luaitear i bhFíor 1 uileghabhálach i.e. beidh éagsúlacht sna cláir agus sna baill foirne a bheidh páirteach sa treoir scoile uile ó scoil go scoil. Tá Fíor 1 ceaptha leis na cláir/baill foirne a aibhsiú a d'fhéadfadh a bheith páirteach i seachadadh chlár scoile uile don treoir.

# ROINN 3: CREAT: RÉIMSÍ FOGHLAMA AGUS INNIÚLACHTAÍ

## 3.1 Réamhrá

Déanann foghlaim a bhaineann leis an treoir forbairt ar oideachas iomlánaíoch leanaí a thosaíonn san oideachas luathóige agus a leanann ar aghaidh tríd a mbunoideachas. Is é *Aistear* (CNCM, 2009) an creat curaclaim do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois in Éirinn. Cuireann sé foghlaim foghlaim agus forbairt leanaí i láthair ag baint áide as ceithre théama:

- *Folláine* – tá an bhéim ar leanaí a bheith muiníneach, sona agus folláin.
- *Féiniúlacht agus Muintearas* – tá an bhéim ar leanaí ag forbairt mothúcháin dhearfaigh díobh féin, agus mothúchán go bhfuil luach agus meas orthu mar chuid de theaghlach agus mar chuid de phobal.
- *Cumarsáid*
- *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.*

Tugann na téamaí cur síos ar na nithe a fhoghlaimíonn leanaí — na meonta, dearcthaí agus luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag an mbunoideachas i gcoitinne:


- cur ar chumas an linbh saol lán-tairbheach a chaitheamh mar leanbh agus barr a c(h)umais a bhaint amach mar dhuine aonair uathúil;
- cur ar chumas an linbh forbairt mar dhuine sóisialta trí chónaí agus comhoibriú le daoine eile agus ar an gcaoi cur le leas na sochaí;
- an leanbh a ullmhú do bhreisoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Aithnítear sa churaclam an tábhacht atá le cumas iomlán an linbh a bhaint amach.

## 3.2 Réimsí Foghlama agus Inniúlachtaí

I bhFíor 2 thíos léirítear trí réimse foghlama chun cuidiú le forbairt scoláirí iar-bhunscoile in ocht réimse inniúlachta ar feadh a n-oideachas iar-bhunscoile. Féachann na réimsí foghlama le forbairt a dhéanamh ar an bhfoghlaim a bheidh déanta ag leanaí le linn a mblianta sa bhunoideachas.

**Fíor 2: Réimsí Foghlama agus Inniúlachtaí**




Léirítear torthaí d'inniúlachtaí a bhaineann leis na trí réimsí foghlama (féach Tábla 1). Baineann na torthaí seo leis an bhforbairt ar fhéinfheasacht agus ar fhéineolas, eolas faoi dheiseanna foghlama agus oibre, agus an t-eolas seo a chur i bhfeidhm chun aistrithe agus cinntí éifeachtacha a dhéanamh.

### Sraith Shóisearach

Baineann na trí réimsí foghlama agus inniúlachtaí a ghabhann leo leis na *Prionsabail* atá mar bhonn leis an g*Creat don tSraith Shóisearach* (is é sin *Folláine*), roinnt de *Ráitis ar Fhoghlaim* agus *Príomhscileanna* an Chreata. Tá an clár treorach scoile uile nasctha le *Príomhscileanna* amhail *Mé Féin a Bhainistiú, Eolas & Smaointeoireacht a Bhainistiú, Fanacht Folláin, Cumarsáid* agus *Obair le Daoine Eile*. Is den tábhacht é go mbeidh ról ag an treoirchomhairleoir i bpleanáil, comhordú agus seachadadh na foghlama a bhaineann leis an treoir (*Treoir For All*) a ghabhann leis na *Príomhscileanna* ábhartha agus ról in idirghabhálacha níos déine a sholáthar do na scoláirí sin a bhfuil gá acu leo trí chuir chuige *Treoir do Roinnt* agus *Treoir do Roinnt*. Soláthraíonn an *Creat don tSraith Shóisearach* deiseanna chun gníomhaíochtaí sa chlár treorach scoile a sheachadadh trí ghearrchúrsaí, eispéiris foghlama eile agus an clár Folláine.

### *Folláine*

Tá forluí suntasach ann idir na hinniúlachtaí agus na torthaí foghlama a ghabahnn leo a chuirtear i láthair faoi *Mé Féin a Fhorbairt, M'Fhoghlaim a Fhorbairt* agus *Mo Chonair Gairme a Fhorbairt* agus an clár Folláine sa tSraith Shóisearach (tá OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir ar dhá cholún na Folláine). Tá Folláine nasctha leis an bpríomhscil *Fanacht Folláin* den *Creat don tSraith Shóisearach* (CNCM, 2017; lch. 22). Féadfar na hocht inniúlacht a nasctha le cúig cinn de na sé tháscaire d'Fholláine – *Freagrach, Ceangailte,*

*Athléimneach*, *Meas* agus *Feasach* (a chuirtear i láthair ar leathanach 45 de na Treoirlínte Folláine). Tá ról tábhachtach ag an treoirchomhairleoir sa tacú le pleanáil agus seachadadh na dtorthaí foghlama a bhaineann le táscairí Folláine.

## Sraith Shóisearach

Sa tsraith shinsearach is féidir an curaclam OSPS a úsáid chun torthaí foghlama a phleanáil in *Mé Féin a Fhorbairt* do scoláirí sa tsraith shinsearach. Tá an curaclam OSPS ar fáil ó

http://ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/An_tSraith_Shinsearach/Creat_OSPS/

Is den tábhacht é go n-oibreodh an fhoireann scoile uile atá páirteach sna cláir seo le chéile d'fhonn a chinntiú go nglactar le cur chuige comhsheasmhach chun tacú leis na scoláirí na torthaí foghlama a ghnóthachtáil. Cuideoidh an comhoibriú seo freisin le laghdú a dhéanamh ar aon athrá/forluí i soláthar na n-eispéireas teagaisc agus foghlama sa réimse seo.

## Contanam Foghlama le Ceithre Chéim

Is féidir na torthaí a chuirtear i láthair i Tábla 1 do gach ceann de na h-ocht inniúlachtaí a eagrú faoi chontanam foghlama le ceithre chéim[1] (féach Fíor 3 thíos). Tá sé tábhachtach a nótáil go mb'fhéidir nach rachaidh scoláirí trí na ceithre chéim uile den chontanam nó é sin a dhéanamh ar bhealach líneach i.e. tosóidh scoláirí ag pointí éagsúla, rachaidh siad chun cinn ag céimeanna éagsúla agus b'fhéidir go mbeidh orthu dul siar ar chéimeanna níos luaithe le linn a gcúig/sé bliana in iar-bhunscoileanna. Beidh dul chun cinn ag brrath ar thréithe agus cúinsí aonair amhail imspreagadh, tosca timpeallachta, eolas roimh ré agus dearcthaí.

**Fíor 3: Contanam Foghlama le Ceithre Chéim**




[1] Tá na torthaí, inniúlachtaí agus an contanam foghlama le ceithre chéim a chuirtear i láthair i dTábla 1 bunaithe agus á dtreorú ag treoirphleananna idirnáisiúnta (go háirithe an *Australian Blueprint for Career Development*) agus Creataí a chuirtear i láthair sa doiciméad seo.

**Tábla 1: Réimsí Foghlama agus Inniúlachtaí**

| | |
|---|---|
| Me Féin a Fhorbairt | • Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a choinneáil<br>• Idirghníomhú go héifeachtach le daoine eile (aghaidh le haghaidh agus ar líne)<br>• Forbairt agus fás ar feadh an tsaoil |
| M'Fhoghlaim a Fhorbairt | • Straitéisí pearsanta foghlama agus scrúduithe a úsáid<br>• Roghanna oideachais a dhéanamh i gcomhréir le súilíochtaí gairme |
| Mo Chonaire Gairme a Fhorbairt | • Eolas agus foinsí a bhaineann le gairm a úsáid mar is cuí<br>• Domhan na hoibre agus róil an tsaoil a thuiscint<br>• Forbairt gairme agus cinnteoireacht a bhainistiú |

**Tábla 1.1: Réimse Foghlama: Mé Féin a Fhorbairt**

| Sraith Shóisearach | Sraith Shinsearach |
|---|---|
| B'fhéidir nach rachaidh scoláirí trí na ceithre chéim uile den chontanam nó é sin a dhéanamh ar bhealach líneach i.e. tosóidh scoláirí ag pointí éagsúla, rachaidh siad chun cinn ag céimeanna éagsúla agus b'fhéidir go mbeidh orthu dul siar ar chéimeanna níos luaithe | |
| Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Sraith Shóisearach (JC): Curaclam na Sraithe Sóisearaí lena n-áirítear an clár Folláine, príomhscileanna agus ráitis foghlama an Chreata<br>Foireann: treoirchomhairleoir, student support/folláine team, múinteoirí ábhair, aoichainteoirí<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC | Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Curaclam: Clár na hIdirbhliana, Ardteist, Ardteist Fheidhmeach, CGAT, OSPS (roghnach)<br>Foireann: treoirchomhairleoir, foireann tacaíochta scoláirí, Idirbhliain/Ardteist Fheidhmeach/CGAT múinteoirí, múinteoirí ábhair, aoichainteoirí<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC |

| | Sealbhú<br>Sealbhú Eolais | Cur i bhFeidhm<br>Léiriú Feasachta | Pearsanú<br>Foghlaim & Eolas a Chomhtháthú | Gníomhú<br>Claochlú agus Aistriú Eolais |
|---|---|---|---|---|
| **Inniúlacht** | **Beidh scolairí ábalta:** | **Beidh scolairí ábalta:** | **Beidh scolairí ábalta:** | **Beidh scolairí ábalta:** |
| **Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a choinneáil** | - Cáilíochtaí, láidreachtaí, suimeanna, dearcthaí & luachanna, braistintí agus mothúcháin phearsanta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus mar a théann siad i gcion ar iompraíocht<br>- Fiosrú a dhéanamh faoi thionchair sheachtracha ar mhothúcháin, iompraíocht agus dearcthaí<br>- Míniú conas is féidir le féinmheas agus féinchoincheap dul i gcion ar shocrú cuspóirí agus cinnteoireacht | - An cumas a léiriú lena mothúcháin agus iompraíochtaí féin a bahinistiú, lena n-áirítear feasacht choirp<br>- Mothúcháin a chur in iúl mar is cuí le daoine eile<br>- Cumarsáid agus iompraíocht a léiriú nuair atá siad ag comhoibriú le daoine eile<br>- Fiosrú a dhéanamh faoin ról a bhí ag cáilíochtaí pearsanta agus féinmhuinín ar a n-oideachas féin go dtí seo<br>- Aire a thabhairt dá bhfolláine féin | - Measúnú a dhéanamh conas a théann féinmheas agus féinchoincheap an duine féin i gcion ar dhaoine eile agus conas is féidir le hiompraíocht an duine féin dul i gcion ar mhothúcháin agus iompraíocht daoine eile<br>- Athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuspóirí agus súilíochtaí gairme féin agus a fháil amach conas atá cáilíochtaí pearsanta, iompraíocht, féinmhuinín & súilíochtaí an duine féin ag dul i gcion ar spriocanna oideachais agus gairme agus roghanna saoil | - Iompraíocht & dearcthaí a athrú chun feabhas a chur ar fhéinmhuinín & féinchoincheap<br>- Iompraíochtaí & dearcthaí a ghlacadh a chuideoidh leo spriocanna oideachais agus gairme a bhaint amach<br>- Iompraíocht a ghlacadh chun feabhas a chur ar idirghníomhaíochtaí le daoine eile<br>- Glacadh lena srianta féin |
| **Idirghníomhú go héifeachtach le daoine eile (aghaidh le haghaidh agus ar líne)** | - Scileanna agus iompraíocht shóisialta éifeachtach a shainaitint<br>- Míniú conas is féidir lena n-iompraíocht & dearcthaí dul i gcion ar mhothúcháin & iompraíocht daoine eile<br>- Cur síos a thabhairt ar an gcaoi ina dtéanna dearcthaí, súilíochtaí & iompraíochtaí daoine eile i gcion ar a mothúcháin & iompraíochtaí<br>- Fiosrú a dhéanamh faoi bhealaí le coimhlintí a chur in iúl agus a réiteach<br>- Aitheantas a bheith acu ar an tábhacht atá le caoinfhulaingt, meas & oscailteacht nuair a bhíonn siad ag bualadh le daoine eile a bhfuil inniúlachtaí éagsúla acu agus a thagann ó chúlraí éagsúla | - Scileanna sóisialta éifeachtacha a léiriú agus iad ag comhoibriú agus ag idirbheartaíocht le piaraí, múinteoirí & fostóirí<br>- Scileanna éifeachtacha a úsáid agus coimhlint le daoine eile á réiteach acu<br>- Dul isteach i líonraí chun feabhas a chur ar a ndeiseanna pearsanta, oideachais agus gairme féin<br>- Scileanna sóisialta/líonraithe eile a léiriú<br>- Oscailteacht agus cumas a léiriú chun idirghníomhú le grúpaí éagsúla | - Anailísiú a dhéanamh ar a gcuid idirghníomhaíochta féin le piaraí, múinteoirí & fostóirí & patrúin iompraíochta a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag dul i gcion ar chaidrimh le daoine eile<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar straitéisí a úsáideann duine agus coimhlint le daoine eile á réiteach<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le cumarsáid ar líne<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht líonraí sóisialta agus eile a bhfuil siad ina mbaill díobh<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar a gcaoinfhulaingt, meas agus oscailteacht féin i daca le daoine eile a bhfuil inniúlachtaí éagsúla acu agus a thagann ó chúlraí agus cultúir éagsúla | - Idirghníomhú go héifeachtach le piaraí, múinteoirí & fostóirí chun caidrimh dhearfacha a fhorbairt sa saol<br>- Caidrimh a fhorbairt le fostóirí & soláthróirí foghlama<br>- Dearcthaí & iompraíochtaí a ghlacadh chun iad féin a chur chun cinn ag agallaimh<br>- Dul isteach i líonraí sóisialta agus líonraí eile chun spriocanna gairme a bhaint amach<br>- Iompraíocht a chur in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla<br>- Iompraíochts & dearcthaí cuimsitheacha a spreagadh i ndaoine eile |
| **Forbairt agus fás ar feadh an tsaoil** | - Cur síos a thabhairt ar na céimeanna i bhforbairt ógánta<br>- An tionchar a bhíonn ag athrú agus fás ar roghanna folláine, saoil agus oibre<br>- Pointí aistrithe a aithint le déanamh ar scoil<br>- Cur síos a thabhairt ar láidreachtaí agus acmhainní pearsanta is féidir a úsáid le linn amanna athraithe agus aistrithe | - Páirt a ghlacadh i raon de ghníomhaíochtaí & tacanna chun feabhas a chur ar fhorbairt mhothúchánach, shóisialta, chognaíoch agus fhisiciúil<br>- Cúnamh a lorg nuair is gá<br>- Fiosrú a dhéanamh faoin gcaoi ina bhfreagraíonn le hathrú agus aistriú<br>- Straitéisí éifeachtacha a ghlacadh chun déileáil le hathrú agus aistriú | - Daoine suntasacha eile a lorg a thabharfaidh dúshlán dóibh agus a fhorbróidh iad<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar a stíleanna forbartha, fadhbréitigh agus cinnteoireachta féin agus deiseanna d'fhás a shainaithint<br>- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí scoile, teaghlaigh, piaraí agus oibre agus ar an gcaoi ina dtéann siad sin i gcion ar a roghanna Folláine & gairme<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar a stíl féin chun déileáil le hathrú agus aistriú | - Tairbhe a bhaint as deiseanna & eispéiris gairme chun a gcumas féin a fhorbairt<br>- Straitéisí éifeachtacha déileála a fhorbairt chun déileáil le hathrú agus aistriú<br>- Straitéisí éifeachtacha fadhbréitigh agus cinnteoireachta a úsáid |

## Tábla 1.2: Réimse Foghlama: M'Fhoghlaim a Fhorbairt

| Sraith Shóisearach | Sraith Shinsearach |
|---|---|
| B'fhéidir nach rachaidh scoláirí trí na ceithre chéim uile den chontanam nó é sin a dhéanamh ar bhealach líneach i.e. tosóidh scoláirí ag pointí éagsúla, rachaidh siad chun cinn ag céimeanna éagsúla agus b'fhéidir go mbeidh orthu dul siar ar chéimeanna níos luaithe | |
| Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Sraith Shóisearach (JC): Curaclam na Sraithe Sóisearaí lena n-áirítear an clár Folláine, príomhscileanna agus ráitis foghlama an Chreata<br>Foireann: treoirchomhairleoir, foireann tacaíochta scoláirí/folláine, múinteoir tacaíochta foghlama, múinteoirí ábhair<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC | Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Curaclam: Clár na hIdirbhliana, LC, Ardteist Fheidhmeach, CGAT, OSPS (roghnach)<br>Foireann: treoirchomhairleoir, foireann tacaíochta scoláirí, múinteoir tacaíochta foghlama, Idirbhliain/ Ardteist Fheidhmeach/ CGAT & múinteoirí ábhair<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC |

**Sealbhú** – Sealbhú Eolais → **Cur i bhFeidhm** – Léiriú Feasachta → **Pearsanú** – Foghlaim & Eolas a Chomhtháthú → **Gníomhú** – Claochlú agus Aistriú Eolais

| Inniúlacht | Beidh scolairí ábalta: | Beidh scolairí ábalta: | Beidh scolairí ábalta: | Beidh scolairí ábalta: |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéisí pearsanta foghlama agus scrúduithe a úsáid** | - A stíleanna foghlama agus nósanna staidéir a shainaithint<br>- Scileanna agus nósanna staidéir éifeachtacha a fhorbairt<br>- Aitheantas a fhorbairt don tábhacht atá le foghlaim chun spriocanna oideachais agus gairme a bhaint amach | - Plean staidéir a chur i bhfeidhm<br>- Pleanáil chun scrúduithe a shuí<br>- Teicnící measúnaithe éifeachtacha a úsáid nuair atá scrúduithe á suí (bainistíocht ama agus struis) | - Athmhachnamh a dhéanamh ar a stíl foghlama agus dearcthaí i leith na foghlama<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar nósanna staidéir agus scileanna i suí scrúduithe agus bealaí a shainaithint inar féidir feabhas a chur ar scileanna | - A straitéisí foghlama agus nósanna staidéir a fhorbairt<br>- A gconair foghlama a phleanáil i gcomhréir le spriocanna agus súlíochtaí gairme |
| **Roghanna oideachais a dhéanamh I gcomhréir le súilíochtaí gairme** | - Fiosrú a dhéanamh ar roghanna ábhair (gearrchúrsaí) & ábhair don tsraith shóisearach/sraith shinsearach<br>- Fiosrú a dhéanamh faoi riachtanais um rogha ábhair don bhreisoideachas/ardoideachas, oiliúint agus fostaíocht<br>- Deiseanna oideachais/printíseachta, oiliúina/oibre a fhiosrú<br>- An nasc a shainaithint idir ábhair (& leibhéil), gníomhaíochtaí seachchuraclaim & conairí gairme éagsúla | - Léiriú cén bhaint atá idir roghanna agus gnóthachtálacha oideachais agus spriocanna saoil agus oibre<br>- Ábhair (& leibhéal) a roghnú i gcomhréir lena suimeanna agus inniúlachtaí féin<br>- Ábhair a fhiosrú i dtéarmaí an eolais agus na scileanna a bhaineann le réimsí éagsúla staidéir/gairmeacha | - Anailís a dhéanamh ar an eolas agus na scileanna atá á fháil acu ó ábhair ar leith a ghlacadh agus ó ghníomhaíochtaí seach-churaclaim<br>- Measúnú a dhéanamh ar an eolas, na scileanna & na dearcthaí a shroicheann spriocanna saooil agus oibre<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar na bearta is gá le haistriú éifeachtach a dhéanamh ón scoil chuig breisoideachas /ardoideachas/oiliúint/fostaíocht/printíseacht<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus ar an gcaoi ina gcuidíonn sé le dul chun cinn chuig Breisoideachas agus Oiliúint agus Ardoideachas | - Ábhair (& leibhéil) & roghanna oideachais a ghlacadh i gcomhréir le breisoideachas/ardoideachas/oiliúint agus an chonair gairme roghnaithe agus inniúlachtaí<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid eolais, scileanna & foghlama agus cinneadh cé mar a bhaineann siad son le deiseanna foghlama & gairme sa todhchaí |

**Tábla 1.3: Réimse Foghlama: Mo Chonair Gairme a Fhorbairt (*ar lean lastall*)**

| Sraith Shóisearach | Sraith Shinsearach |
|---|---|
| B'fhéidir nach rachaidh scoláirí trí na ceithre chéim uile den chontanam nó é sin a dhéanamh ar bhealach líneach i.e. tosóidh scoláirí ag pointí éagsúla, rachaidh siad chun cinn ag céimeanna éagsúla agus b'fhéidir go mbeidh orthu dul siar ar chéimeanna níos luaithe | |
| Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Sraith Shóisearach (JC): Curaclam lena n-áirítear an clár Folláine, príomhscileanna agus ráitis foghlama an Chreata<br>Foireann: treoirchomhairleoir, foireann tacaíochta scoláirí/folláine team, múinteoirí ábhair, aoichainteoirí<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC | Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Curaclam: Clár na hIdirbhliana, LC, Ardteist Fheidhmeach, CGAT, OSPS (roghnach)<br>Foireann: treoirchomhairleoir, Idirbhliain/Ardteist Fheidhmeach/CGAT & múinteoirí ábhair<br>Modheolaíochtaí: laethanta oscailte, taithí oibre, seisiúin le bréagagallaimh, foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC |

| | Sealbhú<br>Sealbhú Eolais | Cur i bhFeidhm<br>Léiriú Feasachta | Pearsanú<br>Foghlaim & Eolas a Chomhtháthú | Gníomhú<br>Claochlú agus Aistriú Eolais |
|---|---|---|---|---|
| **Inniúlacht** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** |
| **Eolas agus foinsí a bhaineann le gairm a úsáid mar is cuí (áirítear eolas ar líne agus eolas faoin margadh saothair)** | - Cur síos a thabhairt ar an tábhacht agus na bealaí chun teacht ar eolas a bhaineann le gairmeacha (e.g. ar líne, tuismitheoirí, múinteoirí, pearsanra scoile, oibrithe pobail etc)<br>- An tábhacht a aithint ar a fhios a bheith acu cé acu a bhfuil eolas a bhaineann le gairmeacha ag teacht ó fhoinse iontaofa, cothrom le dáta agus cruinn<br>- Aithint conas teacht ar fhoinsí eolais | - Fiosrú a dhéanamh faoi na riachtanais oideachais do shuimeanna breis-staidéir agus gairme<br>- Teacht ar eolas maidir le breis-staidéar /fostaíocht/printíseachtaí<br>- Eolas a bhaineann le gairmeacha a eagrú agus acmhainní a rangú i dtéarmaí úsáideachta, cruinnis agus iontaofachta<br>- Treochtaí an mhargadh saothair a úsáid mar bhonn le cinnteoireacht gairme | - A fháil amach conas a úsáideadh eolas faoi ghairmeacha chun cinntí faoi ghairmeacha a dhéanamh<br>- Anailísiú agus sintéis a dhéanamh ar eolas a bhaineann le gairmeacha i gcomhréir lena súilíochtaí gairme<br>- Cinntí oilte a dhéanamh maidir le deiseanna oideachais/oiliúna sa todhchaí ag baint úsáide as eolas a bhaineann le gairmeacha ag cur a gcuid suimeanna agus inniúlachtaí san áireamh<br>- Léirmheas a dhéanamh ar eolas/foinsí a bhaineann le gairmeacha | - Straitéisí a chur i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar eolas agus acmhainní a bhaineann le gairmeacha<br>- Plean gairme a chumadh agus a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as eolas cuí agus cruinn a bhaineann le gairmeacha<br>- Plean gairme a chur i láthair do dhaoine suntasacha eile |
| **Domhan na hoibre agus róil an tsaoil a thuiscint** | - Cur síos a thabhairt ar róil agus coinníollacha oibre éagsúla<br>- Treochtaí agus deiseanna oibre a shainaithint<br>- Aitheantas a thabhairt do ról na hoibre sa ghnáthshaol agus mar a chuidíonn an obair le stíl mhaireachtála & lánsástacht phearsanta<br>- Cur síos ar an gcaoi ina n-oibríonn eagraíochtaí<br>- Fiosrú a dhéanamh ar na cáilíochtaí agus dearcthaí pearsanta atá de dhíth don saol oibre agus chun a rogha gairme a leanúint | - Fiosrú a dhéanamh ar na difríochtaí idir réimsí gairme agus riachtanais (lena n-áirítear roghanna oideachais) chun obair i réimsí éagsúla<br>- Coinníollacha fostaíochta éagsúla a fhiosrú i.e. páirtaimseartha/lánaimseartha, obair dheonach, fiontraíocht<br>- Léiriú conas is féidir le luachanna agus dearcthaí pearsanta dul i gcion ar an luach a luaitear le réimsí éagsúla oibre | - Athmhachnamh a dhéanamh ar choinníollacha éagsúla oibre agus & cinntí a dhéanamh bunaithe ar a roghanna féin ag cur san áireamh a n-inniúlachtaí, luachanna, suimeanna, láidreachtaí agus teorainneacha féin<br>- Athbhreithniú a dhénamh ar dheiseanna oibre /fostaíochta i gcomhréir lena roghanna, luachanna, inniúlachtaí agus suimeanna<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag treochtaí (teicneolaíochta, sóisialta, gairme) ar dheiseanna fostaíochta<br>- Athbhreithniú a dhéanamh ar eolas, scileanna & dearcthaí chun eolas a bhaineann le gairmeacha a aimsiú, a léirmhíniú agus a úsáid | - Deiseanna oibre a phleanáil agus páirt a ghlacadh iontu i gcomhréir lena spriocanna agus súilíochtaí gairme<br>- Plean gairme a chumadh ag cur san áireamh a súilíochtaí gairme/fostaíochta agus roghanna do choinníollacha fostaíochta áirithe |
| **Forbairt gairme agus cinnteoireacht a bhainistiú** | - Fiosrú a dhéanamh faoi uirlisí cuardaigh agus acmhainní éagsúla i dtaca le gairmeacha<br>- A gcuid eolais, scileanna & suimeanna a cheangal le réimsí gairme<br>- Bacanna a shainaithint le comhionannas agus cuimsiú & straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na bacanna sin<br>- Cáilíochtaí agus dearcthaí pearsanta a aithint atá de dhíth don saol oibre e.g. poncúlacht, obair i bhfoirne, comhoibriú, oscailteacht don éagsúlacht | - Scileanna inaistrithe a shainaithint agus réimsí gairme a shainaithint a mbaineann siad seo leo<br>- An cumas a léiriú le próiseas iarratais a chur i gcrích<br>- Straitéisí a úsáid chun déileáil le bacanna ar chomhionannas & cuimsiú<br>- Ullmhú do thaithí oibre | - Meastóireacht a dhéanamh ar thaithí oibre go dtí seo agus an fhoghlaim ag éirí as an taithí oibre sin shainaithint<br>- Scrúdú a dhéanamh ar cháilíochtaí pearsanta a chuir go dearfach leis an taithí oibre<br>- Meas a bheith acu ar an tábhacht le cinntí gairme a dhéanamh ag teacht lena súilíochtaí & spriocanna<br>- Anailís a dhéanamh ar an bacanna atá le comhionannas agus cuimsiú san ionad oibre<br>- Athmhachnamh a dhéanamh ar a scileanna cinnteoireachta gairme & na torthaí a bhíonn ar chinntí a dhéanamh<br>- An cumas a léiriú le páirt a ghlacadh in agallamh | - Cáilíochtaí agus scileanna pearsanta a fhorbairt a shásaíonn spriocanna agus súilíochtaí gairme<br>- Na scileanna infhostaitheachta a léiriú atá riachtanach chun obair a fháil agus fanacht ann<br>- Measúnú a dhéanamh ar na bacanna ar chomhionannas agus cuimsiú san ionad oibre agus i suíomhanna oideachais<br>- Caidrimh a fhorbairt le fostóirí/soláthraithe foghlama |

**Tábla 1.3: Réimse Foghlama: Mo Chonair Gairme a Fhorbairt**

| Sraith Shóisearach | Sraith Shinsearach |
|---|---|
| B'fhéidir nach rachaidh scoláirí trí na ceithre chéim uile den chontanam nó é sin a dhéanamh ar bhealach líneach i.e. tosóidh scoláirí ag pointí éagsúla, rachaidh siad chun cinn ag céimeanna éagsúla agus b'fhéidir go mbeidh orthu dul siar ar chéimeanna níos luaithe | |
| Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Sraith Shóisearach (JC): Curaclam na Sraithe Sóisearaí lena n-áirítear an clár Folláine, príomhscileanna agus ráitis foghlama an Chreata<br>Foireann: treoirchomhairleoir, foireann tacaíochta scoláirí/folláine, múinteoirí ábhair, aoichainteoirí<br>Modheolaíochtaí: foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC | Tugtar tacaíocht sa réimse seo le:<br>Curaclam: Clár na hIdirbhliana, Ardteist Fheidhmeach, CGAT<br>Foireann: treoirchomhairleoir, Idirbhliain/Ardteist Fheidhmeach/CGAT & múinteoirí ábhair<br>Modheolaíochtaí: laethanta oscailte, taithí oibre, seisiúin le bréagagallaimh, foghlaim ranga uile, grúpobair, duine-le-duine, TFC |

| | Sealbhú<br>Sealbhú Eolais | Cur i bhFeidhm<br>Léiriú Feasachta | Pearsanú<br>Foghlaim & Eolas a Chomhtháthú | Gníomhú<br>Claochlú agus Aistriú Eolais |
|---|---|---|---|---|
| **Inniúlacht** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** | **Beidh scoláirí ábalta:** |
| **Forbairt gairme agus cinnteoireacht a bhainistiú** | - Tuiscint a bheith acu ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme & an tábhacht atá le cinntí eolacha a dhéanamh<br>- Cur síos a thabhairt ar an gcaoi inar féidir le dearcthaí & imspreagadh dul i gcion ar phleanáil gairme & cinnteoireacht | - Líonraí a fhorbairt chun forbairt gairme & foghlaim a chur chun cinn<br>- Fiosrú a dhéanamh faoi obair dheonach do chúiseanna pearsanta /forbartha gairme<br>- Straitéisí fadhbréitigh a léiriú<br>- Straitéisí fadhbréitigh a áid chun cinntí a dhéanamh maidir le hábhair/leibhéil agus deiseanna foghlama & fostaíochta sa todhchaí | - Athmhachnamh a dhéanamh ar a líonraí & conas is féidir iad sin a úsáid chun forbairt gairme & cinnteoireacht a chur chun cinn<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine suntasacha eile/pobal, imspreagadh agus dearcthaí i gcinnteoireacht gairme | - Líonraí a úsáid chun feabhas a chur ar a ndeiseanna um fhorbairt gairme<br>- Fostaíocht a fháil i gcomhréir lena bplean gairme féin |

# LEABHARLIOSTA


**Bassot, B., Barnes, A. & A. Chant (2014).** ***A Practical Guide to Career Learning and Development: Innovation in Careers Education 11-19*. Oxon: Routledge.**

**Career Cruising. *Blueprint for LifeWork Designs.***

*Aimsithe ó:* http://www.lifework.ca/lifework/blueprint.html

**Careers New Zealand (2014). Revised Career Education Benchmarks – Secondary.**

*Aimsithe ó:* http://www.careers.govt.nz/practitioners/planning/career-education-benchmarks/revised-career-education-benchmarks-secondary/

**Roinn Oideachais & Scileanna (2017a).** ***Imlitir 0010/2017. Leithdháileadh Ceadaithe de Phoist Teagaisc don Scoilbhliain 2017/18.***

*Aimsithe ó:* http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0010_2017.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2017b).** ***Plean DEIS 2017: Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna.***

*Aimsithe ó:* https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/DEIS-Plan-2017.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2017c).** ***Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017*.**

*Aimsithe ó:* https://www.education.ie/en/Publications/Corporate-Reports/Strategy-Statement/Action-Plan-for-Education-2017.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2017d).** ***Imlitir 0015/2017: Socruithe do Chur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith do na scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19.***

*Aimsithe ó*: http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0015_2017.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2016a).** ***Creat um Aitheantas Clár: An Treoirchomhairliú. Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár*. Baile Átha Cliath: Údar.**

**Roinn Oideachais & Scileanna (2016b).** ***Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019: Ráiteas Straitéise*.**

*Aimsithe ó:* http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Looking-at-Our-School-2016-A-Quality-Framework-for-Post-Primary-schools.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2016c).** ***Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*****. Baile Átha Cliath: Údar.**

**Roinn Oideachais & Scileanna (2016d).** ***Féinmheastóireacht Scoile (FMS): Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna 2016-2020.***

*Aimsithe ó:* http://www.education.ie/en/Publications/Inspection- Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/School-Self-Evaluation-Guidelines-2016-2020-Post-Primary.pdf.

**Roinn Oideachais & Scileanna (2016e).** ***Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025***

*Aimsithe ó:* https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/pub_national_skills_strategy_2025.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2015a).** ***Creat don tSraith Shóisearach 2015*****.**

*Aimsithe ó:* http://www.juniorcycle.ie/NCCA_JuniorCycle/media/NCCA/Documents/Framework-for-Junior-Cycle-2015-2.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2015b).** ***Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 – Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú*****.**

*Aimsithe ó:* https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Digital-Strategy-for-Schools-2015-2020.pdf

**Roinn Oideachais & Scileanna (2012).** ***Imlitir 0009/2012*****.** ***Socruithe foirne in iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2012/13***

*Aimsithe ó :* http://www.ncge.ie/uploads/cl0009_2012.pdf

**Roinn Oideachais & Eolaíochta (2005).** ***Guidelines for second level Schools on the implications of Section 9(c) of the Education Act 1998, relating to students' access to appropriate guidance.*** **Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.**

**ELGPN (2015). Tool No. 6:** ***Guidelines for Policies and Systems Development for Lifelong Guidance: A Reference Framework for the EU and for the Commission.*** **Jyvaskyla: Author.**

*Aimsithe ó:* http://www.elgpn.eu/publications/browse-by-language/english/elgpn-tools-no-6-guidelines-for-policies-and-systems-development-for-lifelong-guidance/

**ELGPN (2014).** ***Tool No. 4: Designing and Implementing Policies Related to Career Management Skills (CMS)*****. Jyvaskyla: Author.**

*Aimsithe ó:* http://www.elgpn.eu/publications/elgpn-tools-no-4-cms

**Rialtas na hÉireann (1999). Curaclam na Bunscoile. Réamhrá. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.**

**Rialtas na hÉireann (1998). An tAcht Oideachais. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.**

**MCEECDYA, (2010).** ***The Australian Blueprint for Career Development*****, prepared by Miles Morgan.**

*Aimsithe ó:* https://www.education.gov.au/australian-blueprint-career-development

**National Guidance Forum (2007).** ***Guidance for Life. An Integrated Framework for Lifelong Guidance in Ireland.***

*Aimsithe ó :* www.nationalguidanceforum.ie

**NCCA (2017).** ***Junior Cycle Wellbeing Guidelines.***

*Aimsithe ó:* http://www.juniorcycle.ie/NCCA_JuniorCycle/media/NCCA/Curriculum/Wellbeing/Wellbeing-Guidelines-for-Junior-Cycle.pdf

**NCCA (2013).** ***Social, Personal and Health Education (SPHE). Draft Specification for Junior Cycle Short Course*****.**

*Aimsithe ó:* http://www.juniorcycle.ie/NCCA_JuniorCycle/media/NCCA/Documents/Consultation/Short%20Courses/SC-SPHE.pdf

**CNCM (2011).** ***Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (sraith shinsearach). Creat Curaclaim*****.**

*Aimsithe ó:* http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Senior_Cycle/SPHE_framework/SPHE_Framework.pdf

**CNCM (2009).** ***Aistear. Creat Curaclaim na Luath-Óige*****.**

*Aimsithe ó*: http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/PrinciplesThemes_ENG/PrinciplesThemes_ENG.pdf

**CNCM (2007).** ***Creat Curaclaim don Treoir san Iar-Bhunoideachas, Pléph※ipéar*****.**

*Aimsithe ó:* http://www.ncca.ie/uploadedfiles/guidance/guidance_En.pdf

**LNTO.** ***Lámhleabhar Scoile um Threoir*****.**

http://www.schoolguidancehandbook.ncge.ie/

**SNSO (2013).** ***Folláine in Iar-Bhunscoileanna. Treoirlínte do Chothú na Meabharshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe***.

*Aimsithe ó:* https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/Well-Being-in-Post-Primary-Schools-Guidelines-for-Mental-Health-Promotion-and-Suicide-Prevention-2013.pdf

**SNSO (2010).** ***Contanam Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.**

**SDS (2012). *Career Management Skills for Scotland*.**

*Aimsithe ó:* http://www.skillsdevelopmentscotland.co.uk/media/34749/career_management_skills_framework_scotland.pdf